**Leasú 21**
**Nikolaj Villumsen, Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0211/2020**
**Pascal Durand**
Athbhreithniú ar thoghcháin Eorpacha
(2020/2088(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 32**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 32. ***á chur i bhfios*** nach raibh forógraí na bpáirtithe Eorpacha fós ina gcuid ábhartha den díospóireacht pholaitiúil roimh thoghcháin 2019; ***á chur in iúl gurb oth léi go mór*** cásanna inar díríodh ***sa díospóireacht sin*** ar thopaicí náisiúnta seachas ar ábhair AE, gan aon nasc díreach le ceapadh beartas AE; á mheas gur féidir ***gné Eorpach na dtoghchán*** a fheabhsú ***ar an mbealach is suntasaí*** trí níos mó faisnéise a sholáthar do shaoránaigh faoi na cinntí a dhéanann AE agus faoi thionchar na gcinntí sin ar a saol laethúil; | 32. ***ag tabhairt dá haire*** nach raibh forógraí na bpáirtithe Eorpacha fós ina gcuid ábhartha den díospóireacht pholaitiúil roimh thoghcháin 2019; ***ag tabhairt dá haire*** go ndíríodh ***uaireanta sna díospóireachtaí*** ar thopaicí náisiúnta seachas ar ábhair AE, gan aon nasc díreach le ceapadh beartas AE; á mheas gur féidir ***an nasc le beartas AE*** a fheabhsú ar an mbealach is suntasaí trí níos mó faisnéise a sholáthar do shaoránaigh faoi na cinntí a dhéanann AE agus faoi thionchar na gcinntí sin ar a saol laethúil; |

Or. en



Aontaithe san éagsúlacht

18.11.2020 A9-0211/22

**Leasú 22**
**Nikolaj Villumsen**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0211/2020**
**Pascal Durand**
Athbhreithniú ar thoghcháin Eorpacha
(2020/2088(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 34**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 34. á iarraidh go mbeidh straitéis chomhordaithe ann ar an leibhéal Eorpach chun a áirithiú go gcumhdófar na toghcháin Eorpacha sna meáin, go háirithe trína áirithiú go ndéanfar chláir oibre polaitiúla na bhfórsaí polaitiúla Eorpacha éagsúla a chaibidil, go dtabharfar cuireadh do na hiarrthóirí a bheidh ag seasamh mar iarrthóirí sna toghcháin Eorpacha ***i mBallstáit éagsúla*** agus go gcumhdófar imeachtaí feachtais; | 34. á iarraidh go mbeidh straitéis chomhordaithe ann ar an leibhéal Eorpach chun a áirithiú go mbeidh cumhdach ***níos cuimsithí*** ar na toghcháin Eorpacha sna meáin, go háirithe trí na ***craoltóirí poiblí a neartú, agus trína*** áirithiú go ndéanfar cláir oibre polaitiúla na bhfórsaí polaitiúla ***náisiúnta agus*** Eorpacha éagsúla a chaibidil, go dtabharfar cuireadh do na hiarrthóirí a bheidh ag seasamh mar iarrthóirí sna toghcháin Eorpacha agus go gcumhdófar imeachtaí feachtais; |

Or. en

18.11.2020 A9-0211/23

**Leasú 23**
**Clare Daly, Mick Wallace, Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0211/2020**
**Pascal Durand**
Athbhreithniú ar thoghcháin Eorpacha
(2020/2088(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 35 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***35a. á iarraidh go mbunófaí cainéal teilifíse craolacháin phoiblí, saor in aisce agus ar fud an Aontais, a bheidh tiomnaithe d'imeachtaí beo Pharlaimint na hEorpa a chraoladh i dteangacha oifigiúla uile an Aontais chun feasacht i leith ghnó laethúil na Parlaiminte, agus rannpháirtíocht leis, a chur chun cinn; ag moladh go láidir do chainéil phoiblí náisiúnta breis am craolta le linn an phríomh-ama a thiomnú do shaincheisteanna Eorpacha ar bhonn rialta agus go háirithe roimh na toghcháin Eorpacha;*** |

Or. en

18.11.2020 A9-0211/24

**Leasú 24**
**Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0211/2020**
**Pascal Durand**
Athbhreithniú ar thoghcháin Eorpacha
(2020/2088(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 36**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 36. á mheas gur comhartha soiléir é toradh na dtoghchán Eorpach go bhfuil gá le machnamh institiúideach domhain a thabharfaidh deis do na saoránaigh, don tsochaí shibhialta agus dá n-ionadaithe todhchaí an Aontais a mhúnlú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé níos práinní, mar gheall ar ráig COVID-19, go mbeadh próiseas athchóirithe institiúideach ann ar an leibhéal Eorpach; á iarraidh, dá bhrí sin, ar na comhpháirtithe institiúideacha uile a bhfreagracht a ghlacadh agus Comhdháil uaillmhianach, idirghníomhach agus chuimsitheach maidir le Todhchaí na hEorpa a bhaint amach a bheidh oscailte do na saoránaigh, don tsochaí shibhialta agus dá n-ionadaithe agus lena neartófar an daonlathas ionadaíoch agus athléimneacht AE trí thorthaí nithiúla a ghnóthú, agus obair leantach a dhéanamh ar chonclúidí na Comhdhála, lenar cheart athruithe suntasacha a dhéanamh ar bheartais agus struchtúr institiúideach an Aontais agus an ***tionscadal*** Eorpach a ***athbheochan***; | 36. á mheas gur comhartha soiléir é toradh na dtoghchán Eorpach go bhfuil gá le machnamh institiúideach domhain a thabharfaidh deis do na saoránaigh, don tsochaí shibhialta agus dá n-ionadaithe todhchaí an Aontais a mhúnlú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé níos práinní, mar gheall ar ráig COVID-19, go mbeadh próiseas athchóirithe institiúideach ann ar an leibhéal Eorpach; á iarraidh, dá bhrí sin, ar na comhpháirtithe institiúideacha uile a bhfreagracht a ghlacadh agus Comhdháil uaillmhianach, idirghníomhach agus chuimsitheach maidir le Todhchaí na hEorpa a bhaint amach a bheidh oscailte do na saoránaigh, don tsochaí shibhialta agus dá n-ionadaithe agus lena neartófar an daonlathas ionadaíoch agus athléimneacht AE trí thorthaí nithiúla a ghnóthú, agus obair leantach a dhéanamh ar chonclúidí na Comhdhála, lenar cheart athruithe suntasacha a dhéanamh ar bheartais agus struchtúr institiúideach an Aontais agus***, dá bhrí sin,*** na ***Conarthaí*** Eorpacha ***a athrú, má chinneann muintir na hEorpa amhlaidh;*** |

Or. en


Aontaithe san éagsúlacht